

## Víreas Schmallerberg

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Víreas Schmallerberg. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

An bhfuil aon rud ar eolas agat maidir leis an Víreas thuasluaite?  
Ag díriú ar ainm an ghalair, cén tír as ar tháinig an galar, meastú?

**Ceist 2** Anois gan féachaint ar an mír go fóill, déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú do na nathanna Béarla seo a leanas. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine atá in aice leat. Ansin éist leis an mír anois agus féach an raibh an ceart ag an mbeirt agaibh.

Ruminant: \_\_\_\_\_

Aware: \_\_\_\_\_

Advised: \_\_\_\_\_

Disease: \_\_\_\_\_

Virus: \_\_\_\_\_

Damaging: \_\_\_\_\_

Cattle: \_\_\_\_\_

Found: \_\_\_\_\_

Defect: \_\_\_\_\_

Womb: \_\_\_\_\_

Evidence: \_\_\_\_\_

Department of Agriculture: \_\_\_\_\_

Vet: \_\_\_\_\_

Foot and mouth Disease: \_\_\_\_\_

**Ceist 3** Anois féach ar an mír den chéad uair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cén fáth go gcaithfidh feirmeoirí a bheith ar an airdeall?
2. Cén tionchar a bhíonn ag an ngalar ar ainmhithe?
3. Cé mhéad feirm atá i gceist san Eoraip agus sa Bhreatain?
4. Cén cineál ainmhithe ar a dtagann an galar seo?
5. Cén tionchar atá ag an ngalar ar uain?
6. Cén sórt plean atá in Éirinn faoi láthair chun déileáil leis?
7. Déan cur síos ar an ngalar Crúibe is Béil ón sliocht.

**Ceist 4** Féach ar na míreanna gramadaí thíos sa tábla. Déan an t-athrú cuí sa chéad cholún ó thaobh na gramadaí de agus dean an t-athrú sin a mhíniú sa dara colún.

Ceist	Foirm Cheartaithe	Nóta
Ar an (bord)		
Cailíní (maith)		
Amhráin (mall)		
Easpa (dóchas)		
De (+ an + cathaoir)		
Boladh (ól)		
Deir sí go (tá)		
Teastaigh + ó + mé (aimsir láithreach)		
Beirt (fear) agus beirt (bean)		
I (Corcaigh)		

**Ceist 5** *‘an Roinn Talmhaíochta ó dheas ar an chás’*

An bhfuil an méid sa chló dorcha ceart de réir an chaighdeáin?  
Cén chanúint lena mbaineann an séimhiú sa tuiseal tabharthach? Cuir tic sa bhosca ceart leis an gcanúint lena mbaineann an leagan cainte a léiriú.

Focal	Gaeilge na Mumhan	Gaeilge Chonnacht	Gaeilge Uladh
Sa mbaile			
Ar an ndoras			
Faoin bhord			
Trí n-uaire			
Bhíos			
Fataí			
Gaeidhlig			

**Ceist 6** Bhí go leor galar ag ainmhithe le cúpla bliain anuas, ina measc galar crúibe is béil, fliú na muc agus fliú na n-éan, agus anois an galar Schmallenberg. Tá cuid de na galair seo tar éis cur isteach ar an duine daonna. An bhfuil aon mholtaí agat chun an fhadhb seo a sheachaint?

## Treoracha

**Ceist 1** Is féidir é seo a phlé mar rang nó i ngrúpaí beaga.

**Ceist 2**

Ruminant \_\_\_\_\_ athchogantach  
 Alert \_\_\_\_\_ ar an airdeall  
 Advised \_\_\_\_\_ molta  
 Disease \_\_\_\_\_ galar  
 Virus \_\_\_\_\_ víreas  
 Damaging \_\_\_\_\_ díobhálach  
 Cattle \_\_\_\_\_ eallach  
 Found \_\_\_\_\_ aimsithe  
 Defect \_\_\_\_\_ máchail  
 Womb \_\_\_\_\_ broinn  
 Evidence \_\_\_\_\_ fianaise  
 Department of Agriculture \_\_\_\_\_ an Roinn Talmhaíochta  
 Vet \_\_\_\_\_ tréidlia  
 Foot and mouth Disease \_\_\_\_\_ galar crúibe agus béil

## Ceist 3

1. Caithfidh feirmeoirí a bheith ar an airdeall toisc go bhfuil an galar Schmallenberg sa Bhreatain agus san Eoraip agus d'fhéadfadh sé scaipeadh chun na tíre seo go han-éasca.
2. Is féidir leis an ngalar uain a chur den saol agus dochar a dhéanamh d'eallaí freisin.
3. Aimsíodh an galar i mbreis agus seachtó feirm sa Bhreatain agus ar mhíle feirm san Eoraip.
4. Is ainmhithe athchoganta iad siúd ar a dtagann an galar seo.
5. Faigheann siad bás sa bhroinn nó tagann siad ar an saol le máchail orthu.
6. Tá tástálacha á ndéanamh ar aon ainmhí a thagann ar an saol sa tír le máchail nó aon chomharthaí den ghalar. Tá na Ranna Talmhaíochta ó thuaidh agus ó dheas ag comhoibriú lena chéile. Is é comhairle na dtréidlianna ná a bheith cúramach i mbun stoc a cheannach.
7. Galar a bhuail an ceantar cois teorainn go trom aon bhliain déag ó shin agus b'éigean ainmhithe a mharú.

## Ceist 4

Ceist	Foirm Cheartaithe	Nóta
Ar an (bord)	Ar an mbord/bhord	Leanann urú nó séimhiú réamhfhocail shimplí.
Cailíní (maith)	Cailíní <b>maithe</b>	Caithfidh an aidiacht aontú leis an ainmfhocal san uimhir iolra, más cuí.
Amhráin (mall)	Amhráin <b>mhalla</b>	Séimhítear an aidiacht mar gheall go gcríochnaíonn an t-ainmfhocal, atá san

		uimhir iolra, ar chonsan caol. Caithfidh an aidiacht aontú le huimhir an ainmfhocail, mar sin, sa chás seo, cuirtear 'a' leis.
Easpa (dóchas)	Easpa <b>dóchais</b>	Caithfear an dara hainmfhocal a chur sa tuiséal ginideach mar gheall gur cainníocht atá i gceist.
De (+ an + cathaoir)	Den chathaoir	De + an = den. Leanann séimhiú 'den' más cúí.
Boladh (ól)	Boladh <b>óil</b>	Caithfear an dara hainmfhocal a chur sa tuiséal ginideach mar gheall go bhfuil dhá ainmfhocal ag teacht le chéile.
Deir sí go (tá)	Deir sí go bhfuil	Caithfear an fhoirm neamhspleách den bhriathar a úsáid mar gheall gur caint indéreach atá ann.
Teastaigh +ó + mé (aimsir láithreach)	Teastaíonn uaim	Is briathar leathan sa dara réimniú atá i gceist, mar sin is é '-aíonn' an foirceann cúí. Táthaítear an réamhfhocal agus an forainm pearsanta chun forainm réamhfhoclach a chumadh, agus is é 'ó' an réamhfhocal a leanann an briathar 'teastaigh' sa chás seo.
Beirt (fear) agus beirt (bean)	Beirt <b>fhear</b> agus beirt <b>bhan</b>	Leanann séimhiú an focal 'beirt', seachas le <b>d, n, t, l, s</b> agus leanann an tuiséal ginideach iolra é chomh maith.
I (Corcaigh)	I <b>g</b> Corcaigh	Leanann urú 'i' de ghnáth.

**Ceist 5** Tá an méid sa chló dorcha ceart de réir an chaighdeáin, ach baineann sé le Gaeilge Uladh. Cuirtear urú tar éis réamhfhocail shimplí sna canúintí eile.

Focal	Gaeilge na Mumhan	Gaeilge Chonnacht	Gaeilge Uladh
Sa mbaile		√	
Ar an ndoras	√		
Faoin bhord			√
Trí n-uaire	√		
Bhíos	√		
Fataí		√	
Gaeidhlig			√

**Ceist 6** Is féidir na ceisteanna seo a phlé i ngrúpaí beaga má tá am.

### **Eimear Ní Chonaola**

Tá sé molta d'fheirmeoirí a bheith ar an airdeall faoin ngalar ar a dtugtar víreas Schmallerberg. Tá an galar in ann uain a chur den tsaol agus tá sé díobhálach d'eallach freisin. Níl aon chás den víreas aimsithe sa tír seo go fóill, ach tá imní go bhféadfadh sé scaipeadh sa Bhreatain<sup>1</sup>.

### **Áine Ní Bhreisleáin**

Feirmeoirí caorach atá i Nóra agus Brian Ó Dufaigh agus tá breis agus caoga caora<sup>2</sup> acu ar an bhfeirm i dTor i nDún na nGall. Tá siad iontach gnóthach faoi láthair mar go bhfuil tús curtha le séasúr bhreith na n-uan. Cheana féin, tá go leor de na cinn óga rugtha cosúil leis na cinn bheaga seo a tháinig ar an tsaol mall aréir.

### **Brian Ó Dufaigh**

Caithfidh tú a bheith i do shuí tríd an oíche ag fanacht orthu agus ag amharc orthu agus bíonn tú millteanach gnóthach an t-am seo den bhliain, ní bhíonn fáil agat tada de do chuid a dhéanamh in amanna.

### **Áine Ní Bhreisleáin**

Tá buaireamh ar fheirmeoirí cosúil le Brian an t-earrach seo mar go bhfuil an víreas Schmallerberg aimsithe i mbreis agus 70 feirm sa Bhreatain agus ar mhíle feirm san Eoraip. Buaileann an galar ainmhithe athchoganta cosúil le caoirigh agus ba ach is in uain óga agus uain atá sa bhroinn go fóill a dhéanann sé damáiste mór<sup>3</sup>. Tagann uain ar an tsaol le máchail mhór orthu nó faigheann siad bás sa bhroinn.

### **Brian Ó Dufaigh**

<sup>4</sup>...dá dtiocfadh siad isteach sa tír, mar<sup>5</sup> dá dtiocfadh sé isteach sa tír de réir cosúlachta, tá 30% de do chuid uain a bheith gan úsáid mar tá go leor rudaí dul a bheith contráilte leo, ar dhóigh eacnamaíochta, níl feirmeacha ábalta 30% de chailliúint a sheasamh.

### **Áine Ní Bhreisleáin**

I ráiteas ón<sup>6</sup> Roinn Talmhaíochta tráthnóna, deir siad nach bhfuil aon fhianaise ann go scaipeann víreas Schmallerburg chuig daoine agus go bhfuil tástálacha á ndéanamh ar aon ainmhí a thagann ar an tsaol sa tír seo le máchail nó a bhfuil aon chomharthaí den ghalar orthu. Deir an Roinn Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe sna Sé Chontae go bhfuil siadsan ag comhoibriú leis an Roinn Talmhaíochta ó dheas ar an chás<sup>7</sup> seo. Deir siad gurb é comhairle na dTréidlianna<sup>8</sup> ná gur chóir a bheith cúramach faoi cén áit a gceannaítear stoc. Aon bhliain déag ó shin buaileadh ceantair<sup>9</sup> cois teorainn go holc leis an ngalar crúibe agus béil. B'éigean ainmhithe a mharú ach níl aon rud mar sin beartaithe ag na Ranna Talmhaíochta go fóill.

---

<sup>1</sup> Sa mBreatain a deirtear

<sup>2</sup> Caorach a deirtear

<sup>3</sup> mhór a dúradh

<sup>4</sup> Caint dhoiléir anseo

<sup>5</sup> Because a deirtear sa ghnáthchaint

<sup>6</sup> uaidh an a deirtear

<sup>7</sup> canúint Thír Chonaill

<sup>8</sup> Na dtréidlianna deirtear

<sup>9</sup> ceantracha atá sa chaint

VIFAX 28 Feabhra 2012  
Ardleibhéal

Tá na huain anseo breá folláin agus sláintiúil agus tá cúpla seachtain fágtha go fóill de shéasúr na n-uan. Tá súil ag na feirmeoirí anseo in Éirinn nach dtiocfaidh an víreas seo isteach chun na tíre agus nach mbainfidh sé dá gcuid caorach.  
Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4, i gContae Dhún na nGall